2024/1676

12.6.2024

# CINNEADH (AE) 2024/1676 ÓN gCOMHAIRLE

## an 24 Bealtaine 2024

## lena dtugtar údarú do Thérèse BLANCHET rochtain a fháil ar fhaisnéis atá rúnaicmithe go dtí an leibhéal TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET, agus an leibhéal sin san áireamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint ([1]), agus go háirithe mír 18, pointe (a), d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2017/262 ón gComhairle an 6 Feabhra 2017 lena gcinntear, thar ceann Ardrúnaíocht na Comhairle, an t-údarás ceapacháin agus an t-údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/811/AE ([2]),

Ag féachaint do Chinneadh (AE) Uimh. 2022/1951 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2022 lena gceaptar Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2027 ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug údarás slándála náisiúnta inniúil na Fraince dearbhú dearfach an 27 Márta 2024 maidir le rochtain ar fhaisnéis atá rúnaicmithe go dtí an leibhéal TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET, agus an leibhéal sin san áireamh, a thabhairt do Thérèse BLANCHET.

(2) Is gá, mar gheall ar na cúraimí a shanntar di agus ar riachtanais na seirbhíse, údarú a thabhairt do Thérèse BLANCHET rochtain a bheith aici ar fhaisnéis atá rúnaicmithe go dtí an leibhéal TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET, agus an leibhéal sin san áireamh, atá i seilbh na Comhairle agus na Comhairle Eorpaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, tugtar údarú do Thérèse BLANCHET rochtain a fháil ar fhaisnéis atá rúnaicmithe go dtí an leibhéal TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET, agus an leibhéal sin san áireamh, atá i seilbh na Comhairle agus na Comhairle Eorpaí chun críocha na gcúraimí a shanntar di.

2. Beidh an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 bailí ar feadh na tréimhse a bheidh na cúraimí sin sannta di agus a thabharfar an t-údarú sin ina leith agus tiocfaidh deireadh leis nuair a bheith an tréimhse sin thart.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar an fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Thérèse BLANCHET.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BROUNS

([1]) IO L 274, 15.10.2013, lch. 1.
([2]) IO L 39, 16.2.2017, lch. 4.
([3]) IO L 269, 17.10.2022, lch. 9.